An Chomhairle Mhúinteoireachta
The Teaching Council

# Breisoideachas: Riachtanais Ghinearálta agus Chláir le Cáilíochtaí Oideachas Múinteoirí a Chreidiúnú

De réir Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 agus Rialachán a Cúig de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009

**Márta 2011**

# Clár an Ábhair


Buíochas 1

Gluais 2

Réamhrá 3

1 Riachtanais Ghinearálta 8

1.1 Iarratas
1.2 Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001
1.3 Cuspóir na Cáilíochta
1.4 Creidiúnú
1.5 Leibhéal Cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí
1.6 Creidiúintí ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna)
1.7 Achar ama agus Seachadadh an Chláir
1.8 Riachtanais Iontrála
1.9 Riachtanais Cháilíochta le haghaidh Clárúcháin

2 Riachtanais Chláir 11

2.1 Cláir a chur isteach
2.2 Croíluachanna
2.3 Prionsabail agus Aidhmeanna
2.4 Struchtúr agus Ábhar
2.5 Bonnstaidéar
2.6 Léann Gairmiúil
2.7 Clár Teagaisc Phraiticiúil
2.8 Torthaí

3 Torthaí Foghlama 16

3.1 Luachanna
3.2 Iompar Gairmiúil
3.3 Cumarsáid agus Caidrimh
3.4 Teagasc, Foghlaim agus Measúnú
3.5 Eolas Ábhair, Próiseas Curaclaim agus Ábhar
3.6 Bainistíocht agus Eagrúchán Grúpa
3.7 An Múinteoir mar Fhoghlaimeoir ar Feadh an tSaoil
3.8 Eolas agus Tuiscint ar an Oideachas agus ar an gCóras Oideachais

# Buíochas

Tá na riachtanais ghinearálta agus chláir atá leagtha amach sa doiciméad seo ceadaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta chun críocha cláir oideachais tosaigh múinteoirí (breisoideachas) a chreidiúnú a cuireadh faoi bhráid na Comhairle de réir Alt 38(1) den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001, agus Rialachán a Cúig (Breisoideachas) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú) 2009.

Is mian leis an gComhairle Mhúinteoireachta a buíochas ó chroí a ghabháil leis na heagraíochtaí agus na daoine aonair a thug a gcomhairle, a n-ionchur agus a dtuairimí agus na riachtanais seo á n-ullmhú. Is mian leis an gComhairle a buíochas a chur in iúl go háirithe do chomhaltaí an bhunghrúpa Oibre Soláthraithe Cláir a d'ullmhaigh an tuarascáil tosaigh.

# Gluais

### Creidiúnú
Tagraíonn creidiúnú do chumhacht reachtúil na Comhairle Múinteoireachta chun cláir oideachais agus oiliúna múinteoirí a sholáthraíonn institiúidí ardoideachais agus oiliúna sa Stát a athbhreithniú agus a chreidiúnú.

### Breidoideachas agus Earnáil an Bhreisoideachais
Leis an téarma “breisoideachas”, cuimsítear oideachas agus oiliúint a tharlaíonn de ghnáth lasmuigh den iar-bhunscolaíocht ach nach bhfuil mar chuid den chóras tríú leibhéal.

### IA
Úsáidtear an téarma “IA” nó “Institiúid Ardoideachais” sa doiciméad seo chun na coláistí, ollscoileanna agus comhlachtaí tríú leibhéal eile a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó d’oideachas tosaigh múinteoirí a chur in iúl.

### Rialacháin maidir le Clárú
D’fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Rialacháin maidir le Clárú in 2009 de réir Alt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Tagraíonn Rialachán a Cúig de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009 don bhreisoideachas. Seans go leasóidh nó go ndéanfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta uasdátú ar na Rialacháin seo ó am go chéile.

# Réamhrá

I mí na Samhna 2009, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009 a leagann amach riachtanais na Comhairle do dhaoine ar mian leo a bheith ina múinteoirí cláraithe in Éirinn. I measc cuspóirí na rialachán tá caighdeáin chomhsheasmhacha a bhaint amach sna cáilíochtaí a theastaíonn le bheith cláraithe mar mhúinteoir, gan beann ar cé acu a mhúinfidh an múinteoir sna hearnálacha bunoideachais, iar-bhunoideachais nó breisoideachais.

San áireamh i Rialachán a Cúig (Breisoideachas) de na rialacháin sin tá an riachtanas, le héifeacht ón 01 Aibreán 2013, go bhfuil, inter alia, cáilíocht oideachais múinteora don bhreisoideachas atá ceadaithe ag an gComhairle bainte amach ag iarratasóirí ar chlárúchán.

Úsáidfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta an doiciméad seo, *Riachtanais Ghinearálta agus Chláir*, agus cláir oideachais múinteora don bhreisoideachas atá á dtairiscint ag Institiúidí Ardoideachais (IAanna) á measúnú agus á gcreidiúnú. Leagann sé amach na riachtanais a chuirfear i bhfeidhm i gcomhar le beartais uileghabhálacha athbhreithnithe agus creidiúnaithe clár oideachas múinteoirí na Comhairle. Foráiltear do ról na Comhairle maidir le hoideachas múinteoirí in Éirinn in Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001 a thugann cumhachtaí reachtúla don Chomhairle chun cláir oideachais múinteoirí in Éirinn a athbhreithniú agus a chreidiúnú. Agus a riachtanais ghinearálta agus riachtanais chláir á leagan amach, tá an Chomhairle ar an eolas faoi roinnt saincheisteanna agus fachtóirí a bhaineann go háirithe le hearnáil an bhreisoideachais. Áirítear leo sin:

- Measann an Chomhairle go bhfuil ról na n-údarás ábhartha, go háirithe na Coistí Gairmoideachais (CGOanna) maidir le socrúcháin cleachtas múinteoireachta a éascú agus foireann teagaisc nua agus reatha a spreagadh chun cáilíocht den sórt sin a bhaint amach ríthábhachtach. Bíonn sé sin i gcomhréir le cuspóir na Comhairle Múinteoireachta caighdeáin mhúinteoireachta in Éirinn a fheabhsú.

- Is léir go mbraitheann cur i bhfeidhm rathúil na gclár oideachais múinteora don bhreisoideachas go mór ar thoilteanas na nIAanna, go háirithe iad siúd a bhfuil cláir oideachais mhúinteoirí reatha acu d'earnálacha eile, glacadh le soláthar clár oiriúnach. Tá sé soiléir freisin go mbeidh modhanna seachadta na gclár ina ghné riachtanach chun go n-éireoidh lena leithéid de chláir. Is mian leis an gComhairle IAanna a spreagadh chun breathnú ar roghanna malartacha agus níos solúbtha ar nós comhaontais seachadta a chruthú le hIAanna eile agus le hinstitiúidí oideachais ar nós coláistí breisoideachais agus chun breithniú a dhéanamh ar réitigh chumaisc ag baint úsáide as modhanna seachadta clár ar líne agus níos traidisiúnta araon.

- Tá a fhios ag an gComhairle go bhféadfadh go mbeadh fonn ar Institiúidí Ardoideachais a gcuid clár a chur ar fáil do raon leathan daoine, nach mbeidh suim ag go leor acu nó nach mbeidh i dteideal clárú leis an gComhairle ina dhiaidh sin. D’anneoin go bhfuil cláir oideachais múinteoirí ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile dírithe go mór ar an éileamh ar mhúinteoirí i scoileanna a sholáthar go traidisiúnta, aithníonn an Chomhairle go bhféadfadh inmharthanacht na gclár oideachais múinteora don bhreisoideachas a bheith ag brath ar chur chuige níos leithne a ghlacadh maidir le cé a fhéadfaidh dul isteach sna cláir sin. Mar sin féin, tá an riachtanas maidir le riachtanais chlárúcháin na Comhairle a shásamh fós ann dóibh siúd ar mian leo clárú mar mhúinteoirí san earnáil bhreisoideachais.

- Tacaíonn an Chomhairle le coincheap na gclár oideachais tosaigh nó incriminteach do mhúinteoirí ar leibhéil 6 agus/nó 7 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Bheadh na cláir seo creidiúnaithe ag comhlacht ar nós Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (FETAC) a thabharfadh aitheantas do cháilíochtaí dá leithéid chun críocha iontrála ar chláir leibhéal 8 creidiúnaithe de réir riachtanais ghinearálta agus chláir. Tugtar le tuiscint leis sin go mbeadh roinnt comhairliúchán idir soláthraithe clár leibhéal 6/7 agus soláthraithe creidiúnaithe IA leibhéal 8 luachmhar.

- Tá an Chomhairle ar an eolas faoi na forbairtí i réimse an bhreisoideachais i dTuaisceart Éireann agus thar lear. Aithnítear go forleathan an gá atá le feabhas a chur ar cháilíocht oideachas múinteoirí in earnáil an bhreisoideachais in Éirinn agus é a fheabhsú agus is é mian na Comhairle go nglacfaidh sí a páirt ina leith seo.

Tá Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009 bunaithe ar an mbonn go bhfuil a gcáilíochtaí oideachais críochnaithe go sásúil ag iarratasóir sular iarradh clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta. Tá an cás á áitiú ag an gComhairle go bhféadfadh tionchar suntasach diúltach a bheith aige i gcásanna áirithe ar chumas na bhfostóirí foireann teagaisc a earcú do chláir ar leith nuair a bhíonn saineolas tionsclaíoch nó gairmiúil oiriúnach ag teastáil dá gcuirfí cur chuige den sórt sin i bhfeidhm ar an earnáil bhreisoideachais (le héifeacht ón 01 Aibreán 2013). Tá an Chomhairle tiomanta an t-ábhar seo a bhreithniú tuilleadh le fostóirí agus leis an Roinn Oideachais agus Scileanna d’fhonn breathnú ar conas is féidir na saincheisteanna seo a shárú agus inniúlacht mhúinteoireachta na n-iontrálaithe nua san earnáil bhreisoideachais a chinntiú.

# 1 Riachtanais Ghinearálta

### 1.1 Iarratas

Úsáidfidh an Chomhairle Mhúinteoireachta na riachtanais ghinearálta agus chláir atá leagtha amach sa doiciméad seo agus athbhreithniú á dhéanamh, chun críocha creidiúnaithe gairmiúla, ar chláir oideachais múinteoirí atá deartha do mhúinteoirí san earnáil bhreisoideachais. Tá na riachtanais ar threoir a sholáthar do sholáthróirí clár atá ag moladh creidiúnú a lorg do chlár oideachais múinteora don bhreisoideachas nua.

### 1.2 Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001

Déantar creidiúnú gairmiúil ar chláir oideachais agus oiliúna múinteoirí de réir riachtanais ghinearálta agus chláir faoi théarmaí Alt 38 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001.

### 1.3 Cuspóir na Cáilíochta

Is é cuspóir na cáilíochta oideachais múinteora an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí riachtanacha a sholáthar do mhúinteoirí chun go mbeidh siad in ann a ról agus a bhfreagrachtaí múinteoireachta a chomhlíonadh. Ní mór cáilíocht oideachas múinteoira atá deartha le haghaidh teagasc san earnáil bhreisoideachais a bheith mar phríomhthoradh ar chláir a chuirtear i láthair le haghaidh creidiúnaithe.

### 1.4 Creidiúnú

Ní mór do chlár a chuirtear faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta le haghaidh creidiúnaithe gairmiúla creidiúnú acadúil a fháil (nó a bheith á fháil) ó institiúid aitheanta ardoideachais agus oiliúna sa Stát faoi Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint), 1999.

Beidh cláir a chuirtear i láthair maidir le creidiúnú gairmiúil faoi réir nósanna imeachta agus próisis chreidiúnaithe caighdeánacha na Comhairle mar a fhoilsítear ó am go chéile ag an gComhairle agus ag baint úsáide as na riachtanais ghinearálta agus chláir atá leagtha amach sa doiciméad seo.

## 1.5 Leibhéal Cáilíochta ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí

Ionas gur féidir le clár oideachais múinteora don bhreisoideachais creidiúnú a bhaint amach ón gComhairle Mhúinteoireachta, ba cheart go mbeadh leibhéal dámhachtana an chláir ag teacht le cáilíochtaí oideachais múinteora ar an leibhéal iar-bhunscoile agus in aon chás nach lú ná leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí.

## 1.6 Creidiúintí ECTS (an Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna)

D'fhonn creidiúnú a bhaint amach, caithfidh íosmhéid 60 creidiúint ECTS a bheith ag an gclár ina iomláine.

## 1.7 Achar ama agus Seachadadh an Chláir

Is faoi gach IA atá sé achar ama agus modh seachadta a chláir a chinneadh. Tá sé tábhachtach go gcuirfí sonraí ar fáil don Chomhairle maidir leis na socruithe atá beartaithe mar aon le fianaise go gcuirfidh achar ama agus seachadadh an chláir cáilíocht chomhtháite agus imeasctha ar fáil. Is féidir cláir oideachais mhúinteora don bhreisoideachas a sheachadadh mar cháilíocht neamhspleách nó mar chuid de chlár céime comhthráthach.

**Tabhair faoi deara:** Ní fholaíonn Rialachán a Cúig de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009 foráil chun céim chomhthráthach de staidéar acadúil agus oideachas múinteora don bhreisoideachas a sheachadadh. Mar sin féin, chun críche cáilíochtaí oideachais múinteora don bhreisoideachas a chreidiúnú, breithneoidh an Chomhairle cláir chomhthráthacha céime lena n-áirítear oideachas múinteoirí breisoideachais. Ní mór an chéim a bhaint amach tar éis cúrsa staidéir a bhfuil ar a laghad 240 creidiúint ECTS ag gabháil leis. Caithfidh an clár oideachais múinteoirí a bheith ina chuid chomhtháite den chéim.

## 1.8 Riachtanais Iontrála

D'fhéadfadh na hIAanna riachtanais iontrála a chinneadh maidir le hiontráil ar a gclár. Tá sé tábhachtach, áfach, go gcuirfidh an IAanna iarratasóirí ar chláir ar an eolas go hiomlán go gcaithfidh siad Rialachán a Cúig de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009, más mian leo dul isteach ar Chlár na Múinteoirí a chomhlíonadh.

### 1.9 Riachtanais Cháilíochta le haghaidh Clárúcháin

Beidh feidhm ag na riachtanais cháilíochta seo a leanas maidir le hiarratasóirí ar mian leo clárú faoi Rialachán a Cúig mar mhúinteoir in earnáil an bhreisoideachais tar éis an **1 Aibreán 2013**:

*1.9.1* Ní mór bunchéim nó a comhionann a bheith ag an iarratasóir (leibhéal nach lú ná leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ) ag a bhfuil ar a laghad 180 creidiúint ECTS,

**AGUS**

cáilíocht oideachais múinteora atá ceadaithe ag an gComhairle don mhúinteoireacht iar-bhunscoile (An Chéad Bhliain go dtí an Séú Bliain) nó cáilíocht oideachais múinteora don bhreisoideachas atá creidiúnaithe,

**NÓ**

*1.9.2* Gnáthchéim nó a chomhionann (leibhéal nach lú ná leibhéal 7 ar an CNC) ag a bhfuil ar a laghad 180 creidiúint ECTS,

**AGUS**

*i)* Cáilíocht bhreise chuí, nó

*ii)* creidiúnú réamhfhoghlama deimhnithe atá bunaithe ar thaithí trí bliana ar a laghad in ionad oibre nó i suíomh teagaisc atá ábhartha do cháilíochtaí an iarrthóra cibé riachtanais a fhéadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta a aithint mar cháilíochtaí atá oiriúnach chun clárú mar mhúinteoir faoin Rialachán seo agus a chomhlíonann cibé riachtanais a fhoilseoidh an Chomhairle Mhúinteoireachta ó am go chéile,

**AGUS**

*iii)* cáilíocht oideachais múinteora atá ceadaithe ag an gComhairle don mhúinteoireacht iar-bhunscoile (An Chéad Bhliain go dtí an Séú Bliain) nó cáilíocht oideachais múinteora don bhreisoideachas atá creidiúnaithe.

# 2 Riachtanais Chláir

Tá ionchais na Comhairle maidir le hábhar an chláir oideachais múinteora don bhreisoideachas leagtha amach i rannáin 2.2 go 2.8 thíos agus tá torthaí ionchais na gclár ceadaithe leagtha amach i gCuid 3. Tuigtear freisin nach mór go mbeadh an t-eolas ábhair sa réimse a mhúineann siad laistigh de riachtanais Rialachán a Cúig de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta (Clárú), 2009, ag mic léinn ar chlár oideachais múinteoirí don bhreisoideachas.

### 2.1 Cláir a chur isteach

Ba chóir go ndéanfadh IAanna ar mian leo cláir as a dtiocfaidh cáilíocht oideachais múinteoirí le haghaidh creidiúnú gairmiúil a dhéanamh mar a leanas:

- Pro Forma Breisoideachais na Comhairle maidir le creidiúnaithe a chomhlánú
- cáipéisí tacaíochta a iarrtar a sholáthar (i gcóip chrua agus i bhformáid leictreonach) mar a mhínítear sa réamhrá leis an Pro Forma.

Bronnfar creidiúnú ar feadh tréimhse sainithe ar bhonn na gcáipéisí a sholáthrófar a mheastar a bheith ag comhlíonadh riachtanais ghinearálta agus chláir na Comhairle. Áireofar an clár ina dhiaidh sin i bpróiseas leanúnach athbhreithnithe agus creidiúnaithe na Comhairle do chláir oideachas múinteoirí.

### 2.2 Croíluachanna

Tá na croíluachanna atá mar bhonn agus thaca ag obair ghairm na múinteoireachta in Éirinn mínithe go soiléir *gCóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí na Comhairle Múinteoireachta (2007)*[1]. Baineann siad leis an taithí oideachais, torthaí oideachais agus caidrimh sa mhúinteoireacht. Is iad na croíluachanna ná:

- tiomantas
- caighdeán an oideachais
- foghlaim dalta-lárnach
- glacadh le hathrú
- forbairt ghairmiúil
- forbairt iomlánaíoch
- luachanna cultúrtha

1 Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2007).

- ceartas sóisialta, comhionannas agus cuimsiú
- comhghleacaíocht
- comhshaothar
- meas
- cúram
- comhoibriú.

I bhfianaise idircheangailteacht na foghlama múinteoirí trasna gach céime den chontanam múinteoireachta, ba chóir go soláthródh an clár oideachais múinteoirí, agus é á dhearadh agus á sholáthar, deiseanna éagsúla do mhúinteoirí faoi oiliúint a dtiomantas do luachanna dá leithéid a fhorbairt. Cuirfidh sé sin ar chumas múinteoirí faoi oiliúint seasamh machnamhach a fhorbairt ina gcuid múinteoireachta féin agus i bhfeidhmiú a mbreithiúnais ghairmiúil. Tá na luachanna seo intuigthe freisin sa tiomantas don fhoghlaim fhéintreoraithe, go neamhspleách nó mar chuid de rannpháirtíocht an mhúinteora i bpobal cleachtais.

Táthar ag súil go ndearbhóidh soláthraithe na gclár oideachais múinteoirí go bhfuil an clár tacaithe ag na luachanna atá soiléir sna *Cóid Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2007).*

## 2.3 Prionsabail agus Aidhmeanna

Ba cheart go n-aithneodh cláir oideachais mhúinteoirí don bhreisoideachas tréithe sainiúla na hearnála sin, go háirithe do phróifíl na bhfoghlaimeoirí agus don chomhthéacs ina bhfuil tionscnaimh bhreisoideachais suite. Is iondúil (ach ní i gcónaí ar chor ar bith) a bhaineann an earnáil bhreisoideachais le cláir oideachais lasmuigh den raon aoise reachtúil freastail scoile.

Is sainairíonna é an teagasc sa bhreisoideachas ná caidreamh idir foghlaimeoirí agus múinteoirí atá bunaithe ar chomh-mheas agus comhionannas. Aithnítear ról gairmiúil an mhúinteora maidir le freagairt go díreach do riachtanais aonair agus chomhchoiteanna na bhfoghlaimeoirí. Tá deimhniú clár staidéir breisoideachais bunaithe ar thorthaí foghlama sonraithe a bhaint amach seachas ar chumhdach siollabais atá sainithe go lárnach. Riachtanas ríthábhachtach de chuid an mhúinteora breisoideachais mar sin is ea an cumas anailís a dhéanamh ar riachtanais na bhfoghlaimeoirí, clár staidéir a fhorbairt mar fhreagra ar na riachtanais sin agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn an fhoghlaimeora.

Mar sin ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag cláir oideachais múinteoirí sa bhreisoideachas:

i) múinteoirí faoi oiliúint a ullmhú chun a gcuid eolais, scileanna, inniúlachtaí agus tuiscint a fhorbairt chun múineadh sa bhreisoideachas
ii) bunús a sholáthar i dteoiricí agus i gcleachtais na foghlama ar feadh an tsaoil, lena n-áirítear cuir chuige oideolaíochta agus aosoideolaíochta i leith na múinteoireachta agus na foghlama
iii) stíleanna agus modheolaíochtaí múinteoireachta a fhorbairt a oireann do raon leathan foghlaimeoirí agus comhthéacsanna
iv) an tuiscint theoiriciúil agus na scileanna praiticiúla a fhorbairt chun measúnú atá oiriúnach do chláir a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don deimhniúcháin náisiúnta
v) taithí teagaisc phraiticiúil atá maoirsithe agus tacúil a sholáthar i suíomhanna barántúla breisoideachais.

### 2.4 Struchtúr agus Ábhar

Ba chóir cláir oideachais mhúinteoirí a dhearadh ar bhealach comhtháite, le naisc shoiléire idir comhpháirteanna éagsúla an chláir – is é sin, na bunstaidéir, na staidéir ghairmiúla agus an taithí teagaisc phraiticiúil.

### 2.5 Bonnstaidéar

Ba chóir úsáid a bhaint as modheolaíochtaí gníomhacha foghlama a chothaíonn fiosrúchán agus machnamh i measc na mac léinn chun teoiric agus cleachtas a chomhtháthú sa staidéar ar na gnéithe seo a leanas:

i) síceolaíocht oideachais, le tagairt ar leith do shíceolaíocht na foghlama do dhéagóirí agus do dhaoine fásta
ii) fealsúnacht an oideachais aosaigh, lena n-áirítear aosoideolaíocht, foghlaim obairbhunaithe agus teoiric chriticiúil
iii) socheolaíocht an oideachais, lena n-áirítear oideachas aosach agus saincheisteanna a bhaineann le hathrú sóisialta agus cuimsiú, comhionannas agus éagsúlacht, idirchultúrthacht, noirm agus struchtúir phobail
iv) staidéir churaclam, dearadh agus forbairt, measúnaithe agus meastóireachta, lena n-áirítear forbairt an mhúinteora mar chleachtóir machnamhach, agus éabhlóid chleachtas curaclaim san earnáil bhreisoideachais

v) staidéir bheartais oideachais, lena n-áirítear stair an oideachais aosaigh, pobail agus neamhéigeantaigh, saincheisteanna beartais chomhaimseartha sa bhreisoideachas (lena n-áirítear tionscnaimh Eorpacha), beartais oideachais ag leibhéal na bunscoile agus na hiar-bhunscoile agus riachtanais reatha reachtaíochta
vi) teoiricí agus coincheapa a thacaíonn le cleachtas measúnaithe.

### 2.6 Léann Gairmiúil

Ba chóir go bhforbródh an clár inniúlacht, eolas, scileanna, dearcthaí agus tuiscint an mhúinteora faoi oiliúint maidir le raon cur chuige agus modheolaíochtaí a úsáid le haghaidh múineadh agus foghlaim éifeachtach na mac léinn sa bhreisoideachas.

Ar chlár oideachais múinteoirí don bhreisoideachas a chríochnú go rathúil, ba cheart go mbeadh céimithe in ann:

i) dul i ngleic go criticiúil le raon cur chuige do mhúineadh agus d'fhoghlaim an ábhair, machnamh a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm lena n-áirítear measúnú, de réir mar is cuí do ghrúpaí éagsúla foghlaimeoirí
ii) clár, cúrsa nó modúl a dhearadh a oireann do na foghlaimeoirí, lena n-áirítear teicnící múinteoireachta, modhanna measúnaithe agus meastóireachta, i gcomhréir le riachtanais an chomhlachta dámhachtana ábhartha
iii) cur i bhfeidhm rathúil na múinteoireachta a léiriú i suíomh barántúil.

### 2.7 Clár Teagaisc Phraiticiúil

Ba chóir go bhforbródh an clár scileanna agus inniúlacht an mhúinteora faoi oiliúint sa teagasc praiticiúil ar bhealach incriminteach ag baint úsáide as raon modhanna teagaisc agus foghlama lena n-áirítear breathnóireacht, piartheagasc, comhtheagasc, meantóireacht, agus cineálacha eile tacaíochta struchtúrtha. Ba cheart go ligfeadh sé don mhúinteoir faoi oiliúint ceachtanna a phleanáil, a sheachadadh agus aiseolas a fháil.

Tá cáilíocht an tsocrúcháin cleachtais múinteoireachta agus cáilíocht na timpeallachta foghlama san ionad oibre ríthábhachtach chun cleachtóir inniúil, sábháilte agus éifeachtach a fhorbairt. Éilíonn rialachas éifeachtach an chláir comhpháirtíocht láidir idir an pearsanra acadúil agus an pearsanra san ionad oibre.

Ba chóir 30 uair an chloig ar a laghad a shannadh do bhreathnóireacht ar chleachtadh múinteoireachta agus do mhodhanna foghlama eile roimh shocrúcháin cleachtais múinteoireachta. D'fhéadfadh go roghnódh IAanna machnamh a dhéanamh ar aitheantas don réamhfhoghlaim (RPL) chun na críche seo.

Ba cheart go gcuimseodh socrúcháin chleachtais 100 uair ar a laghad ag múineadh cúrsaí aitheanta ar chláir creidiúnaithe breisoideachais FETAC (nó a gcomhionann) a chuimseodh, nuair is féidir, dhá shuíomh ar a laghad. Féadfaidh an IA smaoineamh ar theicnící foghlama cumaisc a úsáid chun an riachtanas seo a chomhlíonadh i bpáirt ar choinníoll go gcomhlíontar na comhpháirteanna de chleachtadh múinteoireachta atá leagtha amach sa chéad alt eile.

Gné lárnach den réimse staidéir seo is ea socrúchán múinteoirí faoi oiliúint i suíomhanna barántúla breisoideachais. Ba chóir cur leis an gcomhpháirt seo den teagasc praiticiúil más féidir trí staidéir churaclaim dhírithe sna réimsí araíonachta ar leith ina mbeidh an múinteoir faoi oiliúint.

### 2.8 Torthaí

Ar chlár oideachais múinteoirí don bhreisoideachas a chríochnú go rathúil, ba cheart go mbeadh céimithe in ann:

- i) an comhthéacs oideachais agus sóisialta ina dtarlaíonn breisoideachas a thuiscint
- ii) cur síos agus machnamh criticiúil a dhéanamh ar ghnéithe ar leith na múinteoireachta agus na foghlama san earnáil bhreisoideachais
- iii) cuir chuige oiriúnacha oideolaíochta agus/nó aosoideolaíochta a chur i bhfeidhm go criticiúil maidir le teagasc, foghlaim agus measúnú
- iv) na cosúlachtaí agus na héagsúlachtaí atá idir earnáil an bhreisoideachais agus na hearnálacha eile oideachais in Éirinn a thuiscint
- v) machnamh criticiúil ar a scileanna teagaisc féin.

Tá liosta níos mionsonraithe de thorthaí cláir leagtha amach i gCuid 3.

# 3 Torthaí Foghlama

Ba chóir go mbeadh na torthaí foghlama do chláir mhúinteoirí breisoideachais soiléir agus inmheasúnaithe trí:

- struchtúir fhoirmiúla a fhreastalaíonn ar idirphlé idir an múinteoir faoi oiliúint agus pearsanra an IA
- breathnóireacht agus meastóireacht an mhaoirseora/an teagascóra ar an múinteoir faoi oiliúint le linn socrúcháin cleachtais múinteoireachta
- eolas praiticiúil ar mhúinteoireacht, ar fhoghlaim agus ar mheasúnú a léiriú i raon suíomhanna oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta
- cur i láthair an mhúinteora faoi oiliúint ar thionscadail agus ar phunann
- measúnú leanúnach ar an bhfoghlaim agus chun foghlama.

Ar na modhanna seo, ba cheart fianaise ar na nithe seo a leanas a léiriú.

### 3.1 Luachanna

Tá eolas ag an céimí múinteoireachta ar na croíluachanna mar atá leagtha amach *i gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2007)* de chuid na Comhairle Múinteoireachta agus glacann siad leo.

### 3.2 Iompar Gairmiúil

Tá an céimí múinteoireachta tiomanta do na caighdeáin iompair ghairmiúil a bhfuiltear ag súil leo ó ghairm na múinteoireachta, mar atá leagtha amach i *gCód Iompair Ghairmiúil do Mhúinteoirí na Comhairle Múinteoireachta (2007)*. Beidh deiseanna acu plé agus machnamh a dhéanamh ar na caighdeáin seo agus ar na himpleachtaí dá gcleachtas.

### 3.3 Cumarsáid agus Caidrimh

Ba chóir go mbeadh eolas agus tuiscint forbartha ag an céimí múinteoireachta ar straitéisí chun cumarsáid éifeachtach a dhéanamh agus chun caidreamh dearfach a fhorbairt le foghlaimeoirí, le tuismitheoirí (nuair is cuí), le bainistíocht scoile/ionaid/cláir, le comhghleacaithe agus leis an bpobal i gcoitinne.

i) **Foghlaimeoirí:** Tuigeann an céimí múinteoireachta go bhfuil dea-chaidreamh idir an múinteoir agus an foghlaimeoir bunúsach don rannpháirtíocht sa phróiseas teagaisc/foghlama agus forbraíonn siad é seo trí chumarsáid atá tógtha ar chomh-mheas agus muinín. Tuigeann siad difríochtaí i gcúlra agus i bhféiniúlacht na bhfoghlaimeoirí agus an dóigh ar féidir leis na difríochtaí seo taithí agus tionchar ar an bhfoghlaim a mhúnlú. Tuigeann siad coincheapa an chomhionannais agus na héagsúlachta, bíonn meas acu ar luachanna agus déanann siad freastal ar an éagsúlacht nuair a thagann siad air.

ii) **Bainistíocht scoile/ionaid/cláir, tuismitheoirí agus an pobal:** Beidh deiseanna ag an céimí múinteoireachta machnamh a dhéanamh ar ról na múinteoirí mar chomhpháirtithe gníomhacha le bainistíocht scoile/ionaid/cláir (agus tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí nuair is cuí) i bhforbairt éiteas agus cultúr scoile maidir le héiteas agus cultúr scoile/ionaid a fhorbairt a chuidíonn le timpeallacht dhearfach teagaisc agus foghlama. Tuigeann siad go dteastaíonn tacaíocht agus comhoibriú dearfach ón bpobal i gcoitinne le teagasc éifeachtach.

iii) **Comhghleacaithe:** Tá tuiscint ag an céimí múinteoireachta ar róil na foirne ar fad laistigh den scoil/ionad/clár. Tuigeann siad an tábhacht a bhaineann le comhar agus comhoibriú agus gníomhaíonn sé de mheon comhghleacaíochta le comhghleacaithe.

## 3.4 Teagasc, Foghlaim agus Measúnú

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag an gcéimí múinteoireachta:

i) tuiscint a bheith acu ar ról na múinteoirí mar cheannairí oideachais a chuidíonn le pobail foghlama a chruthú agus a chothú ina ranganna, ina scoileanna/ionaid agus trína líonraí gairmiúla
ii) tuiscint a bheith acu ar an mbealach a ndéantar an mhúinteoireacht a mhúnlú trí eolas ar fhorbairt agus ar fhoghlaim an duine
iii) cur chuige comhtháite a bheith acu don phleanáil a chuimsíonn straitéisí teagaisc, gníomhaíochtaí foghlama, modhanna measúnaithe agus acmhainní
iv) cumas aonair na bhfoghlaimeoirí a aithint, an cumas a bheith acu tabhairt faoi anailís ar riachtanais agus scileanna mic léinn, lena n-áirítear réamhfhoghlaim a aithint, agus ullmhúchán a dhéanamh dóibh siúd a bhfuil riachtanais speisialta/eisceachtúla acu agus an cumas atá acu faoi threoir an ghrúpamhúinteora
v) eolas agus tuiscint a bheith acu ar na tosca a chothaíonn agus a chuireann isteach ar fhoghlaim éifeachtach, agus go bhfuil an cumas acu cineálacha cur chuige solúbtha agus inoiriúnaithe a úsáid i leith na foghlama
vi) a gcuid eolais ar fhorbairt iomlánaíoch na bhfoghlaimeoirí a chur i bhfeidhm ar a gcuid teagaisc agus ar fhreagrachtaí sóisialta a chur chun cinn, a mhéid is indéanta
vii) a gcuid eolais ar chúlraí, ar fhéiniúlachtaí, ar thaithí agus ar mhodhanna foghlama na bhfoghlaimeoirí a chur i bhfeidhm ina gcuid teagaisc, a mhéid is eol dóibh iad seo
viii) ionchais shoiléire, dhúshlánacha agus indéanta a leagan síos d’fhoghlaimeoirí, a bheith in ann pleanáil agus cumarsáid a dhéanamh dá réir agus foghlaimeoirí a spreagadh agus cabhrú le bheith ina ngníomhairí ina gcuid foghlama

ix) fios a bheith acu conas spreagadh agus misneach a thabhairt trína bhfís, a saineolas agus a machnamh a roinnt, agus iarracht agus rath a aithint agus a cheiliúradh

x) fios a bheith acu ar an gcaoi a dhéantar foghlaimeoirí a mhealladh chun straitéisí teagaisc éifeachtacha, cruthaitheacha agus samhlaíocha a fhorbairt atá oiriúnach do na foghlaimeoirí agus a chuireann an fhoghlaim chun cinn, e.g. idirghníomhú i measc foghlaimeoirí a éascú chun foghlaim chomhroinnte chomh maith le torthaí foghlama aonair a chumasú

xi) raon straitéisí a úsáid chun tacú, chun monatóireacht a dhéanamh agus chun measúnú a dhéanamh ar an bhfoghlaim, cur chuige na scoláirí i leith na foghlama, an dul chun cinn atá déanta, agus aiseolas a thabhairt

xii) baint amach na gcuspóirí curaclaim/modúil a mheas agus a gcuid teagaisc a oiriúnú dá réir

xiii) rochtain, forbairt agus úsáid a bhaint as éagsúlacht acmhainní curaclaim atá ar fáil chun an timpeallacht foghlama a fheabhsú agus a shaibhriú

xiv) teicneolaíocht a úsáid, lena n-áirítear acmhainní ilmheán, go héifeachtach agus go cuí chun cabhrú leis an bhfoghlaim

xv) tuiscint a fháil ar an gcaoi is féidir le múinteoirí an pobal a úsáid mar acmhainn foghlama agus a thuiscint go bhfuil an pobal, ar a seal, saibhrithe ag an idirghníomhú atá aige le scoileanna/le hionaid/le cláir, le foghlaimeoirí agus le múinteoirí a bhfuil traidisiún acu cur le raon gníomhaíochtaí pobail.

### 3.5 Eolas Ábhair, Próiseas Curaclaim agus Ábhar

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag an gcéimí múinteoireachta:

i) an t-eolas agus an tuiscint chun anailís a dhéanamh ar ábhar agus ar mhodheolaíocht ghaolmhar na siollabas ábhartha, agus conas a nasctar é le hábhair eile agus le taithí ar an saol a aithint

ii) tuiscint ar choincheapa curaclaim

iii) eolas agus tuiscint forbartha ar an bpróiseas chun cúrsa, clár nó modúl a fhorbairt agus a dhearadh, lena n-áirítear pleanáil, cur i bhfeidhm, meastóireacht agus samhlacha dearbhaithe cáilíochta

iv) tá an t-eolas forbartha acu chun cláir theagaisc chomhleanúnacha fhorásacha a phleanáil a thagann le riachtanais agus le cumas na bhfoghlaimeoirí

v) feasacht ar riachtanais churaclaim/modúil sna céimeanna foghlama roimhe seo agus ina dhiaidh sin lena n-áirítear leibhéil FETAC (nó a gcomhionann) agus breisoideachas go dtí an t-aistriú ardoideachais

vi) go bhfuil an t-eolas agus na scileanna teangeolaíocha, oideolaíocha agus andragogúla forbartha acu chun an curaclam/modúl a mhúineadh

vii) an t-eolas agus an tuiscint chun a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh maidir le téamaí traschuraclaim amhail saoránacht, cruthaitheacht, cuimsiú agus éagsúlacht, tionscnamh, litearthacht agus uimhearthacht, oideachas pearsanta, sóisialta agus sláinte agus TFC, de réir mar is cuí don earnáil agus don chéim oideachais.

## 3.6 Bainistíocht agus Eagrúchán Grúpa

Ba chóir go mbeadh an t-eolas agus an cumas ag an gcéimí múinteoireachta na nithe seo a leanas a dhéanamh:

i) measúnú agus an úsáid is fearr a bhaint as an timpeallacht agus an suíomh ina bhfuil cúrsa, clár nó modúl ar siúl
ii) straitéisí bainistíochta grúpa a bhunú a thacaíonn le foghlaim idirdhealaithe ar bhealach a léiríonn meas ar dhínit gach foghlaimeora
iii) na scileanna bainistíochta grúpa agus eagrúcháin riachtanacha a fháil chun freastal ar raon cásanna
iv) timpeallacht shábháilte, idirghníomhach agus dhúshlánach a chruthú agus a chothabháil
v) beartais agus cleachtais sláinte agus sábháilteachta ábhartha a chur i bhfeidhm le linn a gcuid teagaisc
vi) raon straitéisí a thuiscint chun iompar dearfach a chothú agus a chothabháil, de réir bheartas na scoile/an ionaid/cláir, agus ar an gcaoi sin timpeallacht a bhunú a chuidíonn le foghlaim
vii) tiomantas gairmiúil a léiriú maidir le spriocdhátaí a chomhlíonadh agus na scileanna atá riachtanach chun a gcuid ama agus a n-ualach oibre a bhainistiú go héifeachtach agus go héifeachtúil agus chun cothromaíocht shláintiúil oibre is saoil a choinneáil.

## 3.7 An Múinteoir mar Fhoghlaimeoir ar Feadh an tSaoil

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag an gcéimí múinteoireachta:

i) luach a bheith acu iontu féin mar ghairmí atá ag forbairt agus a bheith feasach gur aistear ar feadh a saoil í an fhorbairt ghairmiúil atá á tabhairt faoi acu
ii) a bheith in ann pleanáil don teagasc agus don fhoghlaim agus feabhas a chur ar éifeachtacht a gcleachtais féin trí mhachnamh leanúnach a dhéanamh ar an gcleachtas sin. Trí mhachnamh a dhéanamh ar a gcleachtas, ba chóir go mbeidís in ann cur leis na próisis forbartha curaclaim agus pleanála scoile/ionaid
iii) tiomantas gairmiúil a léiriú do chomhairle chuiditheach ar dhul chun cinn a lorg, a ghlacadh agus gníomhú di agus a bheith toilteanach rannchuidiú agus freagairt d'athruithe i mbeartais agus i gcleachtais oideachais
iv) meas a bheith acu ar idirspleáchas a gcuid foghlama féin agus foghlaim na scoláirí a mhúineann siad.

### 3.8 Eolas agus Tuiscint ar an Oideachas agus ar an gCóras Oideachais

Ba cheart go mbeadh na nithe seo a leanas ag an gcéimí múinteoireachta:

i) eolas agus tuiscint a fhorbairt ar dhíospóireachtaí comhaimseartha faoi chineál agus cuspóirí an oideachais agus na comhthéacsanna sóisialta agus beartais ina sainítear agus ina gcuirtear i bhfeidhm aidhmeanna an oideachais, agus a bheith in ann a bheith eolach ar conas argóintí réasúnaithe agus comhleanúnacha a chumadh agus a chothú faoi chúrsaí oideachais agus cleachtais ghairmiúla

ii) tuiscint ar thaighde agus a rannchuidiú le hoideachas agus a bheith in ann tarraingt ar phrionsabail agus ar theoiricí ábhartha an oideachais, ag baint úsáide as scileanna fiosrúcháin dea-fhorbartha, chun a gcuid cleachtas agus luachanna gairmiúla a threorú

iii) eolas maith oibre ar an earnáil ina mbeidh siad ag múineadh agus na freagrachtaí gairmiúla atá orthu laistigh di

iv) tuiscint réasúnta ar earnálacha oideachais eile agus ar fhachtóirí a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar aistriú foghlaimeoirí ó earnáil amháin go chéile

v) eolas agus tuiscint ar an gcreat reachtúil a bhaineann le hoideachas, lena n-áirítear forbairtí Eorpacha ábhartha agus ar na freagrachtaí sonracha a eascraíonn as sin agus a bheith tiomanta oibriú laistigh den chreat reachtúil sin.

**An Chomhairle Mhúinteoireachta**

**The Teaching Council**

Bloc A, Maigh Nuad, Co. Chill Dara, Éire

Glaoch áitiúil 1890 224 224
Teileafón +353 1 651 7900
Facs +353 1 651 7901
Ríomhphost info@teachingcouncil.ie

**www.teachingcouncil.ie**

The Teaching Council
*An Chomhairle Mhúinteoireachta*